

ELeathanach348

Dé Luain, an 27 Aibreán 2020

Scoil ar an teilifís!

Ón 30 Márta, mar a chonaic agus a chuala sibh, thosaigh scoil ar an teilifís le *RTÉ Home School Hub*. Bíonn an clár ar siúl idir 11 agus 12 gach lá i rith na seachtaine.

Dé Luain seo caite, ar an 20 Aibreán, thosaigh *Cúla 4 Ar Scoil*. Bíonn an clár seo ar siúl ó 10.00 agus 10.30 gach lá i rith na seachtaine. Cuireann Múinteoir Cairtriona agus Múinteoir Fiachra an clár i láthair ó Scoil na bhForbacha i nGaillimh.

Tá an clár seo dírithe ar Ghaelscoileanna agus ar Scoileanna Gaeltachta, ach is féidir le gach duine breathnú air agus tá neart le foghlaim ann.

Bhí sceitimíní orainn nuair a chonaic muid an *ELeathanach* ar an gclár Déardaoin.



Lá breithe sona do YouTube

Titeann lá breithe *YouTube* ar an 23 Aibreán agus i mbliana tá an t-ardán físeáin 15 bliana d'aois. Chuir Jawed Karim, Chad Hurley agus Steve Chen tús le YouTube agus is iadsan a chuir an chéad fhíseán air. Bhí Jawed sa zú in San Diego agus roinn sé físeán den turas ar *YouTube*.

Ó shin, tá a lán daoine ag féachaint ar YouTube agus is cosúil go mbíonn daoine óga ag féachaint air níos minice ná ar an teilifís.

Is é *Despacito*, an t-amhrán a bhfuil an lucht féachana is mó aige ar YouTube. Tá an t-amhrán ar an suíomh ó mhí Eanáir 2017 agus go dtí seo d'fhéach daoine air níos mó ná 6.7 billiún uair. Tá leagan Gaeilge de *Despacito* ar *YouTube* freisin ar chainéal TG Lurgan.

Tá *Baby Shark* sa dara háit agus d'fhéach beagnach 5.2 billiún duine air.



Lá an Domhain: 22 Aibreán

Titeann Lá an Domhain ar an 22 Aibreán gach bliain. Sa bhliain 1970, caoga bliain ó shin i Meiriceá, chuir Seanadóir Nelson agus Denis Hayes tús leis an lá speisialta seo. Is deis é chun machnamh a dhéanamh ar shláinte an phlainéid.

Le caoga bliain anuas tá an lá ag dul ó neart go neart. Ar fud an domhain tagann daoine le chéile ar an lá gach bliain chun rudaí a fhoghlaim agus chun an domhan a cheiliúradh.

De bharr an choróinvíris, bhí Lá an Domhain á cheiliúradh ar líne i mbliana. Cheap siad go mbeadh 400 milliún duine ar fud an domhain amuigh ag bailiú bruscair, ach ar ndóigh tá ar dhaoine fanacht sa bhaile.

É sin ráite, is cosúil go bhfuil an coróinvíreas ag cabhrú leis an bplainéad freisin, toisc go bhfuil níos lú eitleán sa spéir agus níos lú gluaisteán ar na bóithre.

Tá níos mó eolais faoi Lá an Domhain agus faoi ghníomhaíochtaí suimiúla in *Eureka* ag an nasc seo: http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/eureka_irish_11.24.pdf



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

